Uimhir 24 *de* 2015

AN tACHT COSANTA (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Mínithe
2. Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht
3. Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
4. Gearrtheideal agus comhlua

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Cosanta (Leasú), 1979 (Uimh. 1)
An tAcht Cosanta, 1954 (Uimh. 18)
Na hAchtanna Cosanta, 1954 go 2011

Uimhir 24 *de* 2015

AN tACHT COSANTA (LEASÚ), 2015

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leasú agus do leathnú an Achta Cosanta, 1954 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[22 *Iúil* 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Mínithe

1. San Acht seo—

ciallaíonn "Acht 1979" an tAcht Cosanta (Leasú), 1979;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht Cosanta, 1954.

Leasú ar alt 24 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 24 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3) (a cuireadh isteach le halt 3 d'Acht 1979):

"(3) Chun críocha an Achta seo—

(a) measfar an chéim choimisiúnta airm atá leagtha amach i gcolún (2) den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht seo ag aon uimhir thagartha (arb í uimhir thagartha 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8 nó 9 í) a bheith ar comhréir leis an gcéim choimisiúnta chabhlaigh atá leagtha amach i gcolún (3) den Dara Sceideal sin ag an uimhir thagartha sin;

(b) measfar an chéim choimisiúnta airm atá leagtha amach i gcolún (2) den Dara Sceideal sin ag uimhir thagartha 10 a bheith ar comhréir le gach ceann de na céimeanna coimisiúnta cabhlaigh atá leagtha amach i gcolún (3) den Dara Sceideal sin ag uimhir thagartha 10;

(c) measfar an chéim choimisiúnta chabhlaigh atá leagtha amach i gcolún (3) den Dara Sceideal sin ag aon uimhir thagartha (arb í uimhir thagartha 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8 nó 9 í) a bheith ar comhréir leis an gcéim choimisiúnta airm atá leagtha amach i gcolún (2) den Dara Sceideal sin ag an uimhir thagartha sin;

(d) measfar gach ceann de na céimeanna coimisiúnta cabhlaigh atá leagtha amach i gcolún (3) den Dara Sceideal sin ag uimhir thagartha 10 a bheith ar

comhréir leis an gcéim choimisiúnta airm atá leagtha amach i gcolún (2) den Dara Sceideal sin ag uimhir thagartha 10.”.

Leasú ar an Dara Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

3. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Dara Sceideal (a cuireadh isteach le halt 4 d’Acht 1979):

“AN DARA SCEIDEAL

Céimeanna Coimisiúnta Airm agus Cabhlaigh in Óglaigh na hÉireann

Uimhir Thagartha (1)	Céimeanna Airm (2)	Céimeanna Cabhlaigh (3)
1.	Gineárál nó (i mBéarla) General.	
2.	Lefteanant-Ghineárál nó (i mBéarla) Lieutenant-General.	Leas-Aimiréal nó (i mBéarla) Vice-Admiral.
3.	Maor-Ghineárál nó (i mBéarla) Major-General.	Seach-Aimiréal nó (i mBéarla) Rear-Admiral.
4.	Briogáidire-Ghineárál nó (i mBéarla) Brigadier-General.	Ceannasóir nó (i mBéarla) Commodore.
5.	Cornal nó (i mBéarla) Colonel.	Captaen nó (i mBéarla) Captain.
6.	Lefteanant-Chornal nó (i mBéarla) Lieutenant-Colonel.	Ceannasaí nó (i mBéarla) Commander.
7.	Ceannfort nó (i mBéarla) Commandant.	Lefteanant-Cheannasaí nó (i mBéarla) Lieutenant-Commander.
8.	Captaen nó (i mBéarla) Captain.	Lefteanant nó (i mBéarla) Lieutenant.
9.	Lefteanant nó (i mBéarla) Lieutenant.	Fo-Lefteanant nó (i mBéarla) Sub-Lieutenant.
10.	Dara-Lefteanant nó (i mBéarla) Second-Lieutenant.	Meirgire nó (i mBéarla) Ensign. Meánloingseach nó (i mBéarla) Midshipman.

”.

Gearrtheideal agus comhlua

4. (1) Féadfar an tAcht Cosanta (Leasú), 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Cosanta, 1954 go 2015 a ghairm de na hAchtanna Cosanta, 1954 go 2011 agus den Acht seo le chéile.